Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2022/0402(CNS)

10.10.2023

TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

maidir leis an togra le haghaidh rialachán ón gComhairle maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aithint cinntí agus glacadh le hionstraimí barántúla in ábhair tuismíochta agus maidir le Deimhniú Eorpach Tuismíochta a chruthú
(COM(2022)0695 – C9-0002/2023 – 2022/0402(CNS))

Rapóirtéir don tuairim: Malin Björk

PA_Legam

RÉASÚNÚ GEARR

Sa lá atá inniu ann, níl aon sásra de chuid an Aontais ann chun aitheantas frithpháirteach a thabhairt don tuismíocht dhlíthiúil i gcásanna trasteorann san Aontas, agus is féidir go gcealófar naisc dhlíthiúla roinnt tuismitheoirí agus leanaí má bhogann siad go tír eile san Aontas. Bíonn tionchar díréireach aige sin ar theaghlaigh bogha ceatha.

Iarmhairtí dlíthiúla agus mothúchánacha

Mura n-aithnítear tuismíocht atá suite, is féidir go gcaillfidh tuismitheoir cearta tuismitheora chun gníomhú, mar ionadaí dlíthiúil a linbh, i gcúrsaí amhail cúram sláinte agus oideachas. Chomh maith leis sin, is féidir leis a bheith ina chúis le fadhbanna a bhaineann le híocaíochtaí cothabhála, le hoidhreacht, agus ar deireadh thiar, le diúltú saorántachta do leanaí.

Níor chóir beag is fiú a dhéanamh de na hiarmhairtí mothúchánacha a bhaineann le ceangail teaghlaigh a chailleadh. Nuair a dhéantar sin, cuirtear in iúl do leanaí go bhféadfaidís a dtuismitheoirí a chailleadh, ó thaobh an dlí de, nuair a théann siad isteach i mBallstát eile. Níl sé sin inghlactha.

Cearta bunúsacha, saoirse gluaiseachta agus cearta eile

Mar gheall ar an easpa beart de chuid an Aontais chun aitheantas a thabhairt don tuismíocht idir na Ballstáit, bíonn cásanna ann a sháraíonn cearta bunúsacha agus cearta eile leanaí agus teaghlach i gcásanna trasteorann.

Téitear i gcoinne cheart an linbh chun féiniúlachta, phrionsabal an neamh-idirdhealaithe, an mheasa don saol príobháideach agus do shaol an teaghlaigh, agus i gcoinne leas an linbh freisin, nuair a bhaintear de leanaí a stádas dlithiúil agus an tuismíocht arna suí i mBallstát eile.

Cuireann an easpa aitheantais bac ar an gceart chun saorghluaiseachta. Leis an eagla go gcaillfí tuismíocht atá suite, cuirtear teorainn ar theaghlaigh maidir le taisteal laistigh den Aontas nó dul chun cónaí i mBallstát eile.

Tuismitheoirí LADTIA a aithint

Is tromchúisí na héifeachtaí a bhaineann le diúltú aitheantas a thabhairt do thuismíocht i gcásanna trasteorann do theaghlaigh bogha ceatha ná aon chineál teaghlaigh eile. Tá fadhbanna ag thart ar 100,000 tuismitheoir agus a gcuid leanaí faoi láthair – is leanaí i dteaghlaigh bogha ceatha iad a bhformhór acu. Is dócha go bhfuil líon na leanaí atá buailte i bhfad níos airde fós, ós rud é go bhféadfadh sé go roghnódh teaghlaigh a bhfuil baol ann nach n-aithneofaí iad gan a gceart chun saorghluaiseachta a fheidhmiú mar gheall ar an eagla go gcaillfidís a naisc dhlíthiúla teaghlaigh.

Níl sé seo maith go leor. Ba cheart go mbeadh na cearta céanna, gan idirdhealú, ag gach leanbh agus tuismitheoir. I gcás lánúineacha comhghnéis a bhfuil leanaí acu, dhéanfadh aitheantas tras-teorann ar thuismíocht an-difríocht ar fad ós rud é go gcaithfí seasamh i gcónaí leis an ngaol idir tuismitheoir agus leanbh san Aontas Eorpach.

Aitheantas a thabhairt do naisc teaghlaigh, lena n-áirítear páirtnéireacht agus pósadh – ar mhaithe le leas an linbh

Sa bhealach céanna gur tuismitheoir i gcónaí tuismitheoir gan beann ar chreat dlíthiúil na mBallstát, is teaghlach i gcónaí teaghlach, fiú i dtíortha nach bhfuil stádas dlíthiúil ag lánúineacha comhghnéis go fóill.

Dá bhrí sin, ar mhaithe le hurraim iomlán a thabhairt do cheart leanaí chun teaghlaigh agus do leas an linbh, tá sé tábhachtach ní hamháin na naisc dhlíthiúla idir leanaí agus tuismitheoirí a urramú agus a aithint ach páirtnéireacht agus pósadh a dtuismitheoirí a urramú agus a aithint freisin. Agus an méid sin á chur san áireamh, ba cheart an rialachán atá beartaithe maidir le haitheantas a thabhairt don tuismíocht idir na Ballstáit a leathnú chun go n-áireofaí ann freisin rialacha maidir le haitheantas a thabhairt do pháirtnéireacht agus do phósadh.

Meas agus aitheantas do chineálacha éagsúla teaghlach

Tá teaghlaigh eile ann freisin a thagann lasmuigh de norm traidisiúnta an teaghlaigh núicléach, a mbíonn níos mó deacrachtaí acu aitheantas a fháil. Tá sé sin fíor go háirithe i gcás teaghlaigh ina bhfuil níos mó ná beirt tuismitheoirí. Cé nach bhfuil an fhéidearthacht dhlíthiúil d'iltuismíocht ar fáil faoi láthair ach i líon beag Ballstát, is cinnte go n-athróidh an scéal sin amach anseo. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go mbeidh an rialachán solúbtha ón tús agus go gceadófar leis do chnuasaigh teaghlaigh neamhthraidisiúnta, lena n-áirítear a áirithiú go n-áireofar leis an deimhniú Eorpach tuismíochta an fhéidearthacht do níos mó ná beirt tuismitheoirí.

Tríú tíortha agus saincheist an tionscail máthairionadaíochta

Leis an rialachán atá beartaithe, ní rialaítear ná ní bhunaítear aon choimircí chun a ráthú go n-urramófar cearta bunúsacha na mban, na dtuismitheoirí agus na leanaí nuair a bheidh tuismíocht suite i dtríú tír. Mar réamhchúram riachtanach chun a áirithiú go n-urramófar cearta bunúsacha, tá sé comhleanúnach, dá bhrí sin, nach gcuirtear an fhéidearthacht ar fáil leis an rialachán seo aitheantas a thabhairt don tuismíocht a shuitear i dtríú tíortha.

Maidir le ceist shonrach na máthairionadaíochta, is léir go ndéanann an tionscal máthairionadaíochta atá bunaithe i roinnt tríú tíortha tráchtálú ar mhná agus go mbaineann sé an daonnacht díobh. Éiríonn leis an tionscal máthairionadaíochta i gcóras ina n-úsáideann daoine faoi phribhléid eacnamaíoch mná faoi mhíbhuntáiste ó áiteanna eile ar fud an domhain. Is cineál dúshaothraithe é sin ar chearta na mban agus ar a n-orgáin atáirgthe. Ón bpeirspictíocht sin freisin, tá sé tábhachtach go mbeadh an rialachán teoranta d'aitheantas tuismíochta laistigh den Aontas, seachas ó thríú tír.

Ceanglaítear ar Bhallstáit an Aontais cheana féin, de réir dhlí-eolaíocht na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, i gcúinsí áirithe, aitheantas a thabhairt don chaidreamh idir leanaí a rugadh trí mháthairionadaíocht agus na tuismitheoirí atá beartaithe dóibh. Agus an t-aitheantas a thugtar don tuismíocht idir na Ballstáit á shimpliú, is gá a áirithiú nach gcruthófar dreasachtaí don mhargadh máthairionadaíochta. Mar sin féin, ní rialaíonn an rialachán seo an mháthairionadaíocht, ar rud é a thagann faoi inniúlacht na mBallstát.

LEASÚ

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, mar an coiste atá freagrach, na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

Leasú 1
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5a) De bhun an dara fomhír d'Airteagal 81(3) CFAE, féadfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, cinneadh a ghlacadh lena mbunaítear go bhféadfar gnéithe den dlí teaghlaigh a bhfuil impleachtaí trasteorann acu a ghlacadh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach. I ndáil leis sin, leag Parlaimint na hEorpa béim ar a thábhachtaí atá sé bogadh chuig an ngnáthnós imeachta reachtach agus chuig vótáil trí thromlach cáilithe i réimsí a bhaineann le cearta bunúsacha a chosaint san Aontas, lena n-áirítear tríd an gclásal passerelle earnálach a ghníomhachtú maidir le dlí teaghlaigh a bhfuil impleachtaí trasteorann aige (Airteagal 81(3), an dara fomhír, CFAE)[1a]
	[1a] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Iúil 2023 ar chur chun feidhme na gclásal passerelle i gConarthaí an Aontais (2022/2142(INI))

Leasú 2
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) Cé go bhfuil inniúlacht ag an Aontas chun bearta a dhéanamh maidir le dlí an teaghlaigh le himpleachtaí trasteorann amhail rialacha maidir le dlínse idirnáisiúnta, an dlí is infheidhme agus	(8) Cé go bhfuil inniúlacht ag an Aontas chun bearta a dhéanamh maidir le dlí an teaghlaigh le himpleachtaí trasteorann amhail rialacha maidir le dlínse idirnáisiúnta, an dlí is infheidhme agus

aitheantas do thuismíocht idir Ballstáit, go dáta níor ghlac an tAontas le forálacha sna réimsí sin a mhéid a bhaineann le tuismíocht. Tá forálacha na mBallstát infheidhme sna réimsí sin faoi láthair.	aitheantas do thuismíocht idir Ballstáit, go dáta níor ghlac an tAontas le forálacha sna réimsí sin a mhéid a bhaineann le tuismíocht. Tá forálacha na mBallstát infheidhme sna réimsí sin faoi láthair. ***Chun sábháilteacht leanaí a mhéadú agus chun é a dhéanamh níos éasca do theaghlaigh bheith ina gcónaí in AE, tá sé tábhachtach go nglacfadh an tAontas rialacháin lena ndéantar tuismíocht dlíthiúil thar theorainneacha náisiúnta mar réamhriachtanas don chomhionannas.***

Leasú 3
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) De réir Airteagal 21 CFAE agus na reachtaíochta tánaistí lena mbaineann mar a léirmhínítear ag an gCúirt Bhreithiúnais é, ní féidir an urraim d'fhéiniúlacht náisiúnta Ballstáit de réir Airteagal 4(2) CFAE agus beartas poiblí Ballstáit feidhmiú mar údar chun diúltú d'aitheantas a thabhairt do ghaol idir tuismitheoir agus leanbh ***idir leanaí agus a dtuismitheoirí*** comhghnéis chun ***críoch*** fheidhmiú na gceart a dhíorthaíonn leanbh ó dhlí an Aontais. Ina theannta sin, chun críoch fheidhmiú na gceart sin, is féidir cruthúnas ar thuismíocht a chur i láthair trí mheán ar bith[52]. Dá bhrí sin, níl Ballstát i dteideal ceangal a chur ar dhuine na fianuithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo a ghabhann le cinneadh cúirte ná ionstraim bharántúil um thuismíocht, ná an Deimhniú Eorpach Tuismíochta a chruthaítear leis an Rialachán seo a chur i láthair, i gcás ina ndéanann an duine cearta a dhíorthaíonn leanbh ó dhlí an Aontais a agairt, i gcomhthéacs fheidhmiú na gceart chun saorghluaiseachta. Mar sin féin, níor cheart go gcuirfeadh sé sin cosc ar dhuine roghnú an fianú ábhartha nó Deimhniú Eorpach Tuismíochta a chur i láthair freisin i	(14) De réir Airteagal 21 CFAE agus na reachtaíochta tánaistí lena mbaineann mar a léirmhínítear ag an gCúirt Bhreithiúnais é, ní féidir an urraim d'fhéiniúlacht náisiúnta Ballstáit de réir Airteagal 4(2) CFAE agus beartas poiblí Ballstáit feidhmiú mar údar chun diúltú d'aitheantas a thabhairt do ghaol idir tuismitheoir agus leanbh***, cibé acu a bhaineann sé le tuismitheoirí*** comhghnéis***, le tuismitheoirí trasinscneacha, le tuismitheoir aonair nó le hiltuismitheoirí,*** chun ***críocha*** fheidhmiú na gceart a dhíorthaíonn leanbh ó dhlí an Aontais. ***Ba cheart tús áite a thabhairt do chosaint leasanna an linbh ar chúinsí féiniúlachta náisiúnta agus ar bheartas poiblí, ionas gur féidir leis an leanbh bheith*** ina ***chónaí i dteaghlach cobhsaí aitheanta atá saor ó aon stiogma, lena n-áirítear ó thaobh an dlí de. Ina*** theannta sin, chun críoch fheidhmiú na gceart sin, is féidir cruthúnas ar thuismíocht a chur i láthair trí mheán ar bith[52]. Dá bhrí sin, níl Ballstát i dteideal ceangal a chur ar dhuine na fianuithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo a ghabhann le cinneadh cúirte ná ionstraim bharántúil um thuismíocht, ná an Deimhniú Eorpach

gcásanna den sórt sin dá bhforáiltear sa Rialachán seo. Lena áirithiú go gcuirtear saoránaigh an Aontais agus a dteaghlach ar an eolas nach ndéantar difear do na cearta a dhíorthaíonn leanbh ó dhlí an Aontais leis an Rialachán seo, ba cheart a áireamh i bhfoirmeacha na bhfianuithe agus an Deimhnithe Eorpaigh Tuismíochta atá i gceangal leis an Rialachán seo ráiteas ina sonraítear nach ndéanann an fianú ábhartha ná an Deimhniú Eorpach Tuismíochta difear do na cearta a dhíorthaíonn leanbh ó dhlí an Aontais, go háirithe na cearta atá ag an leanbh sin faoi dhlí an Aontais maidir le saorghluaiseacht, agus, ***chun*** feidhmiú na gceart ***den chineál*** sin, féadfar cruthúnas maidir leis an ngaol idir tuismitheoir agus leanbh a chur in iúl trí mhodh ar bith.

Tuismíochta a chruthaítear leis an Rialachán seo a chur i láthair, i gcás ina ndéanann an duine cearta a dhíorthaíonn leanbh ó dhlí an Aontais a agairt, i gcomhthéacs fheidhmiú na gceart chun saorghluaiseachta. Mar sin féin, níor cheart go gcuirfeadh sé sin cosc ar dhuine roghnú an fianú ábhartha nó Deimhniú Eorpach Tuismíochta a chur i láthair freisin i gcásanna den sórt sin dá bhforáiltear sa Rialachán seo. Lena áirithiú go gcuirtear saoránaigh an Aontais agus a dteaghlach ar an eolas nach ndéantar difear do na cearta a dhíorthaíonn leanbh ó dhlí an Aontais leis an Rialachán seo, ba cheart a áireamh i bhfoirmeacha na bhfianuithe agus an Deimhnithe Eorpaigh Tuismíochta atá i gceangal leis an Rialachán seo ráiteas ina sonraítear nach ndéanann an fianú ábhartha ná an Deimhniú Eorpach Tuismíochta difear do na cearta a dhíorthaíonn leanbh ó dhlí an Aontais, go háirithe na cearta atá ag an leanbh sin faoi dhlí an Aontais maidir le saorghluaiseacht, agus, ***ar mhaithe le*** feidhmiú na gceart sin, féadfar cruthúnas maidir leis an ngaol idir tuismitheoir agus leanbh a chur in iúl trí mhodh ar bith.

---

[52] Breithiúnais ón gCúirt Bhreithiúnais ***an 25 Iúil 2002***, C-459/99, MRAX, ECLI:EU:C:2002:461, míreanna 61 ***agus 62***, agus ***an 17 Feabhra 2005***, C-215/03, Oulane, ECLI:EU:C:2005:95, míreanna 23 ***go 26***.

[52] Breithiúnais ón gCúirt Bhreithiúnais ***an 25 Iúil 2002***, C-459/99, MRAX, ECLI:EU:C:2002:461, míreanna 61 ***agus 62***, agus ***an 17 Feabhra 2005***, C-215/03, Oulane, ECLI:EU:C:2005:95, míreanna 23 ***go 26***.

Leasú 4
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 17 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(17a) Ba cheart tús áite a thabhairt do leas an linbh i gcónaí. Dúirt an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine go sainráite go laghdaíonn leas an linbh corrlach breithmheasa na Stát is Páirtithe maidir leis an gcaidreamh idir leanaí

	agus tuismitheoir a aithint[1a], agus gurb é atá i gceist leis sainaithint dhlíthiúil na ndaoine atá freagrach as iad a thógáil, freastal ar a riachtanais agus a leas a áirithiú, chomh maith leis an bhféidearthacht don leanbh cónaí a bheith air agus forbairt a dhéanamh i dtimpeallacht chobhsaí[2a]. De réir Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine, tá an ceart chun saol príobháideach agus saol an teaghlaigh ag leanaí. Ar mhaithe le hurraim iomlán a thabhairt do cheart an linbh chun saol príobháideach agus saol an teaghlaigh, agus do leas an linbh, tá sé tábhachtach, ní hamháin go n-urramófaí agus go n-aithneofaí na naisc dhlíthiúla idir leanaí agus tuismitheoirí ach comhpháirtíocht agus pósadh na dtuismitheoirí freisin, rud a ráthódh an ceart go n-urramófaí an saol príobháideach agus saol teaghlaigh. Dá bhrí sin, ba cheart go n-áireofaí sa Deimhniú Eorpach Tuismíochta, arna iarraidh sin do na tuismitheoirí a bhfuil aitheantas dlíthiúil acu, an caidreamh eatarthu, lena n-áirítear páirtnéireacht chláraithe agus pósadh.
	[1a] ECtHR, Breithiúnas 22.11.2022 [Roinn III], D.B. agus Daoine eile v. an Eilvéis - 58252/15 agus 58817/15
	[2a] ECtHR, 10.4.2019 [GC], Tuairim chomhairleach arna hiarraidh ag Cúirt Freaschuir na Fraince.

Leasú 5
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(21) I gcomhréir le forálacha na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta agus le dlí an Aontais, ba cheart go n-áiritheofaí leis an	(21) I gcomhréir le forálacha na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta agus le dlí an Aontais, ba cheart go n-áiritheofaí leis an

Rialachán seo go mbíonn teacht ag leanaí ar a gcearta agus go gcothaítear a stádas dlíthiúil in imthosca trasteorann gan idirdhealú. Chuige sin, agus i bhfianaise chásdlí na Cúirte Breithiúnais, lena n-áirítear maidir le hiontaoibh fhrithpháirteach idir Ballstáit, agus an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, ba cheart go gcumhdófaí leis an Rialachán seo an t-aitheantas i mBallstát ar an tuismíocht a shuitear i mBallstát eile ainneoin an chaoi ar gineadh nó ar rugadh an leanbh ainneoin cineál teaghlaigh an linbh, agus lena n-áirítear uchtáil intíre. Dá bhrí sin, faoi réir chur i bhfeidhm na rialacha maidir le dlí is infheidhme an Rialacháin seo, ba cheart go gcumhdófaí leis an Rialachán seo an t-aitheantas i mBallstát ar an tuismíocht mar a shuitear ***í*** i mBallstát eile ***de*** leanbh ***le*** tuismitheoirí comhghnéis. Ba cheart go gcumhdófaí freisin sa Rialachán seo aitheantas i mBallstát ar thuismíocht linbh arna uchtáil go hintíre i mBallstát eile faoi na rialacha lena rialaítear uchtáil intíre sa Bhallstát sin.

Rialachán seo go mbíonn teacht ag leanaí ar a gcearta agus go gcothaítear a stádas dlíthiúil in imthosca trasteorann gan idirdhealú ***bunaithe, i measc nithe eile, ar fhoirmiú a dteaghlaigh***. Chuige sin, agus i bhfianaise chásdlí na Cúirte Breithiúnais, lena n-áirítear maidir le hiontaoibh fhrithpháirteach idir Ballstáit, agus an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, ba cheart go gcumhdófaí leis an Rialachán seo an t-aitheantas i mBallstát ar an tuismíocht a shuitear i mBallstát eile ainneoin an chaoi ar gineadh nó ar rugadh an leanbh ainneoin cineál teaghlaigh an linbh, agus lena n-áirítear uchtáil intíre ***nó idirnáisiúnta***. Dá bhrí sin, faoi réir chur i bhfeidhm na rialacha maidir le dlí is infheidhme an Rialacháin seo, ba cheart go gcumhdófaí leis an Rialachán seo an t-aitheantas i mBallstát ar an tuismíocht mar a shuitear i mBallstát eile ***í do*** leanbh ***ag a bhfuil*** tuismitheoirí comhghnéis***, do leanbh ag a bhfuil tuismitheoir trasinscneach, do leanbh ag a bhfuil tuismitheoir aonair agus do leanbh ag a bhfuil iltuismitheoirí***. Ba cheart go gcumhdófaí freisin sa Rialachán seo aitheantas i mBallstát ar thuismíocht linbh arna uchtáil go hintíre i mBallstát eile faoi na rialacha lena rialaítear uchtáil intíre sa Bhallstát sin.

Leasú 6
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 24

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(24) Chun críocha an Rialacháin seo, féadfaidh tuismíocht, dá dtagraítear amhail gaol teaghlaigh freisin, a bheith bitheolaíoch, géiniteach, le huchtú nó le hoibriú an dlí. Chun críocha an Rialacháin seo freisin, ***is éard*** ba cheart ***a chiallódh*** tuismíocht***,*** an gaol idir tuismitheoir agus leanbh arna ***bunú*** faoin dlí, agus ba cheart go gcumhdófaí léi freisin stádas dlíthiúil de bheith mar leanbh ag tuismitheoir nó tuismitheoirí áirithe. Ba cheart go	(24) Chun críocha an Rialacháin seo, féadfaidh tuismíocht, dá dtagraítear amhail gaol teaghlaigh freisin, a bheith bitheolaíoch, géiniteach, le huchtú nó le hoibriú an dlí. Chun críocha an Rialacháin seo freisin, ba cheart ***go gciallódh*** tuismíocht an gaol idir tuismitheoir agus leanbh arna ***bhunú*** faoin dlí, agus ba cheart go gcumhdófaí léi freisin stádas dlíthiúil de bheith mar leanbh ag tuismitheoir nó tuismitheoirí áirithe. Ba cheart go

gcumhdófaí leis an Rialachán seo tuismíocht arna bunú i mBallstát de mhionaoisigh agus daoine fásta araon, lena n-áirítear leanbh éagtha agus leanbh gan bhreith, bíodh sin do thuismitheoir aonair, do lánúin de facto, do lánúin phósta nó do lánúin i ngaol a bhfuil éifeachtaí inchomparáide aici faoin dlí is infheidhme maidir le gaol den sórt sin, amhail páirtnéireacht chláraithe. Ba cheart go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo ainneoin náisiúntacht an linbh a bhfuil a thuismíocht le bunú, agus ainneoin náisiúntacht thuismitheoirí an linbh. Ba cheart an téarma 'tuismitheoir' a thuiscint sa Rialachán seo, mar is infheidhme, amhail ag tagairt don tuismitheoir dlíthiúil, an tuismitheoir beartaithe, an duine a éilíonn gur tuismitheoir iad nó an duine a ***éilíonn*** an leanbh tuismíocht ina leith.	gcumhdófaí leis an Rialachán seo tuismíocht arna bunú i mBallstát de mhionaoisigh agus daoine fásta araon, lena n-áirítear leanbh éagtha agus leanbh gan bhreith, bíodh sin do thuismitheoir aonair, ***d'iltuismitheoirí,*** do lánúin de facto, do lánúin phósta nó do lánúin i ngaol a bhfuil éifeachtaí inchomparáide aici faoin dlí is infheidhme maidir le gaol den sórt sin, amhail páirtnéireacht chláraithe. Ba cheart go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo ainneoin náisiúntacht an linbh a bhfuil a thuismíocht le bunú, agus ainneoin náisiúntacht thuismitheoirí an linbh. Ba cheart ***feidhm a bheith ag*** an ***rialachán seo gan beann ar an gcaoi a rugadh an leanbh agus ar an gcineál teaghlaigh atá aige. Ba cheart an*** téarma 'tuismitheoir' a thuiscint sa Rialachán seo, mar is infheidhme, amhail ag tagairt don tuismitheoir dlíthiúil, an tuismitheoir beartaithe, an duine a éilíonn gur tuismitheoir iad nó an duine a ***n-éilíonn*** an leanbh tuismíocht ina leith.
Leasú 7 **Togra le haghaidh rialacháin** **Aithris 24 a (nua)**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(24a) Leis an Rialachán seo, réitítear an bealach d'aitheantas dlíthiúil do gach cineál teaghlaigh, gan beann ar a bhfoirmiú. Ní thugann neamhaitheantas na dteaghlach nach dtagann leis an tsamhail teaghlaigh thraidisiúnta urraim do leas an linbh, toisc go ndéanann sé idirdhealú ar leanaí ar bhonn breithe, go bhfuil sé contrártha do dhínit an linbh, go bhfuil sé díobhálach d'fhorbairt chomhchuí an linbh agus go gcuireann sé cosc ar theachtadh éifeachtach na gceart bunúsach ag leanaí. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún togra a eisiúint lena ráthófaí go dtabharfaí aitheantas frithpháirteach do phóstaí agus do

páirtnéireachtaí cláraithe.

Leasú 8
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 30

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(30) ***Níor*** cheart ***go mbeadh*** feidhm ag an Rialachán seo maidir le ***réamhcheisteanna*** amhail pósadh nó gaol a ***bheith ann, a bailíocht nó í a aithint a*** mheastar de réir an dlí is infheidhme maidir léi go bhfuil éifeachtaí inchomparáide aici, a ***mba cheart í a rialú go leanúnach ag dlí náisiúnta na mBallstát, lena n-áirítear a rialacha maidir le dlí idirnáisiúnta príobháideach agus, i gcás inarb ábhartha, le cásdlí na Cúirte Breithiúnais maidir le saorghluaiseacht***.	(30) ***Ba*** cheart feidhm ***a bheith*** ag an Rialachán seo maidir le ***ceisteanna teagmhasacha*** amhail pósadh nó gaol a mheastar de réir an dlí is infheidhme maidir léi go bhfuil éifeachtaí inchomparáide aici, ***amhail páirtnéireacht chláraithe,*** a ***bheith ann, a bheith bailí nó a aithint***.

Leasú 9
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 45 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(45a) Má tá suí tuismíochta ag brath ar cheist theagmhasach a chinneadh, mar shampla, maidir le páirtnéireacht chláraithe nó pósadh a bheith ann, ba cheart do chúirteanna agus d'údaráis inniúla eile na mBallstát na cearta bunúsacha agus na prionsabail bhunúsacha a leagtar síos sa Chairt a urramú, go háirithe an ceart chun neamh-idirdhealú agus an ceart chun saol príobháideach agus saol an teaghlaigh, chomh maith le cásdlí na Cúirte Breithiúnais maidir leis an tsaorghluaiseacht, go háirithe a bhreithiúnas 'Cás Coman' (C-673/16), agus ina dhiaidh sin rún 2021/2679(RSP) ó Pharlaimint na hEorpa, ina ndearbhaítear gur cheart do na Ballstáit uile póstaí comhghnéis nó

páirtnéireachtaí cláraithe a bunaíodh i mBallstát eile a aithint chun saoirse gluaiseachta agus cónaithe shaoránaigh AE a urramú.

Leasú 10
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 49

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(49) ***Ba*** cheart ***d'imeachtaí ar shuí tuismíochta*** faoin Rialachán seo, mar bhunphrionsabal, ***foráil a dhéanamh*** maidir le ***leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois*** atá faoi réir ***na n-imeachtaí*** sin agus atá in ann a ***gcuid*** tuairimí féin a thabhairt, ***i gcomhréir le cásdlí na Cúirte Breithiúnais, agus*** fiordheis éifeachtach ***á tabhairt*** dóibh chun a ***gcuid*** tuairimí a léiriú agus ba cheart, nuair a dhéantar measúnú ar leas an linbh, go gcuirfí béim chuí ar na tuairimí sin. Ba cheart don Rialachán seo, áfach, an cheist maidir le cé a éistfidh leis an leanbh agus conas a éistfear leis an leanbh a fhágáil le cinneadh ag an dlí náisiúnta agus nós imeachta na mBallstát. Ina theannta sin, cé go mbeidh sé fós de cheart ag an leanbh go n-éistfear leis, níor cheart go mbeadh sé ina oibleagáid dhaingean ach ba cheart é a mheas trí leas an linbh a chur san áireamh.	(49) ***I gcomhréir le hAirteagal 12 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus le hAirteagal 24(1) den Chairt, tá sé de*** cheart ***ag gach leanbh a dtuairimí a chur in iúl i ngach ábhar a dhéanann difear dóibh, agus go ndéanfaí a dtuairimí, a gcomharthaí fisiciúla, a ráitis nó a n-iompraíocht a mheas agus a chur san áireamh. Sna himeachtaí*** faoin Rialachán seo, mar bhunphrionsabal ***agus i gcás inarb infheidhme***, maidir le ***leanbh*** atá faoi réir ***imeachtaí den chineál*** sin agus atá in ann a ***chuid*** tuairimí féin a thabhairt, ***ba cheart*** fiordheis éifeachtach ***a sholáthar*** dóibh chun a ***chuid*** tuairimí a léiriú agus ba cheart, nuair a dhéantar measúnú ar leas an linbh, go gcuirfí béim chuí ar na tuairimí sin. Ba cheart don Rialachán seo, áfach, an cheist maidir le cé a éistfidh leis an leanbh agus conas a éistfear leis an leanbh a fhágáil le cinneadh ag an dlí náisiúnta agus ***ag*** nós imeachta ***náisiúnta*** na mBallstát. Ina theannta sin, cé go mbeidh sé fós de cheart ag an leanbh go n-éistfear leis, níor cheart go mbeadh sé ina oibleagáid dhaingean ach ba cheart é a mheas trí leas an linbh a chur san áireamh.

Leasú 11
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 56

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(56) ***Ar mhaithe le leas an phobail, ba***	(56) Níor cheart do na cúirteanna ná

cheart go gceadófaí do chúirteanna agus údaráis inniúla eile a bhunaíonn tuismíocht sna Ballstáit neamhaird a dhéanamh, in imthosca eisceachtúla, d'fhorálacha faoi leith de dhlí coigríche, i gcás ina mbeadh sé soiléir, maidir le cás faoi leith, nach mbeadh sé ag luí le beartas poiblí (ordre public) an Bhallstáit lena mbaineann forálacha den sórt sin a chur i bhfeidhm. Níor cheart do na cúirteanna ná d'údaráis inniúla eile a bheith in ann an eisceacht maidir le beartas poiblí a chur i bhfeidhm chun dlí Stáit eile a chur ar ceal***, áfach,*** nuair a bheadh sé ***contrátha*** don Chairt é sin a dhéanamh agus, go háirithe, d'Airteagal 21 ***den Chairt***, lena dtoirmeasctar idirdhealú.

d'údaráis inniúla eile a bheith in ann an eisceacht maidir le beartas poiblí a chur i bhfeidhm chun dlí Stáit eile a chur ar ceal nuair a bheadh sé ***contrártha*** don Chairt é sin a dhéanamh agus, go háirithe, d'Airteagal 21 ***di***, lena dtoirmeasctar idirdhealú.

Leasú 12
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 66

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(66) ***Cé nár cheart go mbeadh feidhm ag an oibleagáid chun deis a sholáthar do leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois a dtuairimí a chur in iúl faoi Rialachán seo maidir le hionstraimí barántúla a bhfuil éifeacht dhlíthiúil cheangailteach leo,*** ba cheart ceart ***leanaí chun*** a ***dtuairimí a*** chur in iúl a chur san áireamh***, áfach,*** de bhun Airteagal 24 den Chairt agus i bhfianaise Airteagal 12 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh arna chur chun feidhme ag dlí náisiúnta agus nós imeachta. ***Fiú*** murar tugadh an deis do ***leanaí chun a gcuid*** tuairimí a léiriú, níor cheart go gcaithfí leis go huathoibríoch mar fhoras chun aithint ionstraimí barántúla a bhfuil éifeacht dhlíthiúil cheangailteach leo a dhiúltú.	(66) Ba cheart ceart ***linbh*** a ***thuairimí a*** chur in iúl a chur san áireamh de bhun Airteagal 24 den Chairt agus i bhfianaise Airteagal 12 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh arna chur chun feidhme ag ***an*** dlí náisiúnta agus ***ag an*** nós imeachta ***náisiúnta i leith ionstraimí barántúla a bhfuil éifeacht cheangailteach dhlíthiúil leo freisin***. ***Mar sin féin,*** murar tugadh an deis do ***leanbh atá faoi bhun 18 mbliana d'aois a chuid*** tuairimí a léiriú, níor cheart go gcaithfí leis go huathoibríoch mar fhoras chun aithint ionstraimí barántúla a bhfuil éifeacht dhlíthiúil cheangailteach leo a dhiúltú.

Leasú 13
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 67

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(67) Aitheantas i mBallstát eile faoin Rialachán seo do chinneadh cúirte lena suitear tuismíocht a thugtar i mBallstát eile, nó d'ionstraim bharántúil lena suitear tuismíocht a bhfuil éifeacht dhlíthiúil cheangailteach léi a dhréachtaítear nó a chláraítear i mBallstát eile, níor cheart dó aitheantas a thabhairt le tuiscint do phósadh féideartha nó do pháirtnéireacht chláraithe thuismitheoirí an linbh ar bunaíodh tuismíocht ina leith nó a bhfuil tuismíocht le bunú ina leith.	***scriosta***

Leasú 14
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 75

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(75) ***Agus breithniú á dhéanamh ar leas an phobail, ba cheart go gceadófaí do chúirteanna agus d'údaráis inniúla sna Ballstáit diúltú, in imthosca eisceachtúla, aitheantas a thabhairt do chinneadh cúirte nó d'ionstraim bharántúil maidir leis an tuismíocht a shuitear i mBallstát eile i gcás, i gcás ina bhfuil sé soiléir maidir le cás faoi leith, nach mbeadh sé ag luí le beartas poiblí (ordre public) an Bhallstáit lena mbaineann forálacha den sórt sin a chur i bhfeidhm. Mar sin féin,*** níor cheart go mbeadh na cúirteanna ná údaráis inniúla eile in ann diúltú cinneadh cúirte ná d'ionstraim bharántúil arna n-eisiúint i mBallstát eile a aithint nó, de réir mar a bheidh, glacadh leo, nuair a bheadh sé sin contrártha don Chairt agus, go háirithe, le hAirteagal 21 di, lena dtoirmisctear idirdhealú.	(75) Níor cheart go mbeadh na cúirteanna ná údaráis inniúla eile in ann diúltú cinneadh cúirte ná d'ionstraim bharántúil arna n-eisiúint i mBallstát eile a aithint nó, de réir mar a bheidh, glacadh leo, nuair a bheadh sé sin contrártha don Chairt agus, go háirithe, le hAirteagal 21 di, lena dtoirmisctear idirdhealú.

Leasú 15
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 76

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(76) Ionas gur féidir aitheantas na tuismíochta atá bunaithe i mBallstát a shocrú go tapa, go réidh agus go héifeachtúil, ba cheart go mbeadh leanaí nó a dtuismitheoir(í) in ann stádas na leanaí i mBallstát eile a léiriú go héasca. Chun iad a chumasú déanamh amhlaidh, ba cheart leis an Rialachán seo foráil a dhéanamh maidir le deimhniú aonfhoirmeach, an Deimhniú Eorpach Tuismíochta, a chruthú a eiseofar lena úsáid i mBallstát eile. Chun prionsabal na coimhdeachta a urramú, níor cheart go gcuirfí an Deimhniú Eorpach Tuismíochta in ionad doiciméad inmheánach a fhéadfaidh a bheith ann chun críocha comhchosúla sna Ballstáit.	(76) Ionas gur féidir aitheantas na tuismíochta atá bunaithe i mBallstát a shocrú go tapa, go réidh agus go héifeachtúil, ba cheart go mbeadh leanaí nó a dtuismitheoir(í) in ann stádas na leanaí i mBallstát eile a léiriú go héasca. ***Is céim thábhachtach í*** chun ***maorlathas a laghdú agus chun rochtain ar shaorghluaiseacht san Aontas Eorpach a mhéadú mar bhealach chun comhionannas a chur chun cinn. Chun*** iad a chumasú déanamh amhlaidh, ba cheart leis an Rialachán seo foráil a dhéanamh maidir le deimhniú aonfhoirmeach, an Deimhniú Eorpach Tuismíochta, a chruthú a eiseofar lena úsáid i mBallstát eile. Chun prionsabal na coimhdeachta a urramú, níor cheart go gcuirfí an Deimhniú Eorpach Tuismíochta in ionad doiciméad inmheánach a fhéadfaidh a bheith ann chun críocha comhchosúla sna Ballstáit.

Leasú 16
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 81

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(81) Ba cheart don chúirt nó d'údarás inniúil eile an Deimhniú Eorpach Tuismíochta a eisiúint arna iarraidh sin. Ba cheart go bhfanfadh bunchóip an Deimhnithe Eorpaigh Tuismíochta leis an údarás eisiúna, ar cheart dó cóip dheimhnithe amháin nó níos mó den Deimhniú Eorpach Tuismíochta a eisiúint don iarratasóir nó don ionadaí dlíthiúil. I bhfianaise chobhsaíocht an stádais tuismíochta i bhformhór mór na gcásanna, níor cheart bailíocht na gcóipeanna den Deimhniú Eorpach Tuismíochta a theorannú ó thaobh ama, gan dochar don fhéidearthacht an Deimhniú Eorpach Tuismíochta a cheartú, a mhodhnú, a chur ar fionraí nó a tharraingt siar de réir mar is	(81) Ba cheart don chúirt nó d'údarás inniúil eile an Deimhniú Eorpach Tuismíochta a eisiúint arna iarraidh sin ***don iarratasóir nó, i gcás inarb infheidhme, d'ionadaí dlíthiúil an iarratasóra***. Ba cheart go bhfanfadh bunchóip an Deimhnithe Eorpaigh Tuismíochta leis an údarás eisiúna, ar cheart dó cóip dheimhnithe amháin nó níos mó den Deimhniú Eorpach Tuismíochta a eisiúint don iarratasóir nó don ionadaí dlíthiúil. I bhfianaise chobhsaíocht an stádais tuismíochta i bhformhór mór na gcásanna, níor cheart bailíocht na gcóipeanna den Deimhniú Eorpach Tuismíochta a theorannú ó thaobh ama, gan dochar don fhéidearthacht an Deimhniú Eorpach

gá. Ba cheart sa Rialachán seo go ndéanfaí foráil maidir le sásamh in aghaidh chinntí an údaráis eisiúna, lena n-áirítear cinntí chun eisiúint Deimhnithe Eorpaigh Tuismíochta a dhiúltú. I gcás ina ndéantar an Deimhniú Eorpach Tuismíochta a cheartú, a mhodhnú, a chur ar fionraí nó a tharraingt siar, ba cheart don údarás eisiúna na daoine ar eisíodh cóipeanna deimhnithe dóibh a chur ar an eolas ionas nach n-úsáidfear cóipeanna den sórt sin go mícheart.

Tuismíochta a cheartú, a mhodhnú, a chur ar fionraí nó a tharraingt siar de réir mar is gá. Ba cheart sa Rialachán seo go ndéanfaí foráil maidir le sásamh in aghaidh chinntí an údaráis eisiúna, lena n-áirítear cinntí chun eisiúint Deimhnithe Eorpaigh Tuismíochta a dhiúltú. I gcás ina ndéantar an Deimhniú Eorpach Tuismíochta a cheartú, a mhodhnú, a chur ar fionraí nó a tharraingt siar, ba cheart don údarás eisiúna na daoine ar eisíodh cóipeanna deimhnithe dóibh a chur ar an eolas ionas nach n-úsáidfear cóipeanna den sórt sin go mícheart.

Leasú 17
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 83

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(83) Leis an bpointe rochtana leictreonaí Eorpach, ba cheart go gceadófaí ***do dhaoine nádúrtha*** nó dá n-ionadaithe dlíthiúla iarraidh ar Dheimhniú Eorpach Tuismíochta a sheoladh agus an Deimhniú sin a fháil agus a sheoladh go leictreonach. Ba cheart go bhfágfadh sé freisin go mbeidís in ann cumarsáid leictreonach a dhéanamh le cúirteanna Ballstáit nó le húdaráis inniúla eile in imeachtaí ***le haghaidh cinnidh nach bhfuil aon fhorais ann le diúltú aitheantas a thabhairt do chinneadh cúirte nó d'ionstraim bharántúil maidir le tuismíocht, nó imeachtaí chun diúltú d'aitheantas, do chinneadh cúirte nó d'ionstraim bharántúil maidir le tuismíocht***. Níor cheart do chúirteanna Ballstáit nó d'údaráis inniúla eile cumarsáid a dhéanamh le saoránaigh tríd an bpointe rochtana leictreonaí Eorpach ach amháin i gcás ina bhfuil toiliú sainráite tugtha roimh ré ag an saoránach le húsáid an mhodha cumarsáide sin.	(83) Leis an bpointe rochtana leictreonaí Eorpach, ba cheart go gceadófaí ***d'iarratasóirí*** nó dá n-ionadaithe dlíthiúla iarraidh ar Dheimhniú Eorpach Tuismíochta a sheoladh agus an Deimhniú sin a fháil agus a sheoladh go leictreonach. Ba cheart go bhfágfadh sé freisin go mbeidís in ann cumarsáid leictreonach a dhéanamh le cúirteanna Ballstáit nó le húdaráis inniúla eile in imeachtaí ***faoin Rialachán seo***. Níor cheart do chúirteanna Ballstáit nó d'údaráis inniúla eile cumarsáid a dhéanamh le saoránaigh tríd an bpointe rochtana leictreonaí Eorpach ach amháin i gcás ina bhfuil toiliú sainráite tugtha roimh ré ag an saoránach le húsáid an mhodha cumarsáide sin.

Leasú 18
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 89 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(89a) Chun soiléireacht na hionstraime agus intuarthacht thorthaí na gcásanna agus na suíomhanna ina mbeidh feidhm aici a fheabhsú, ba cheart don Choimisiún treoirlínte a fhorbairt maidir le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú an Rialacháin seo, arna n-eisiúint i bhfriotal simplí chun an ionstraim a dhéanamh níos inrochtana do theaghlaigh agus don phobal i gcoitinne nach bhfuil aon eolas speisialta ar an dlí acu.

Leasú 19
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 89 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(89b) Chun soiléireacht na hionstraime agus intuarthacht thorthaí na gcásanna agus na gcásanna ina mbeidh feidhm aici a fheabhsú, ba cheart do na Ballstáit, le tacaíocht ón gCoimisiún agus ón nGréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach, oiliúint a eagrú do bhreithiúna agus d'údaráis ábhartha stáit chun cur chun feidhme cuí an Rialacháin seo a áirithiú.

Leasú 20
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 99 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(99a) Ós rud é go bhfuil tionchar ar leith ag an tírdhreach dlíthiúil atá ann faoi láthair ar theaghlaigh bogha ceatha chomh maith le cineálacha eile teaghlach nach bhfuil ag teacht le samhail thraidisiúnta an teaghlaigh núicléach, tá

	géarghá ann go dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm. Dá bhrí sin, i gcás nach mbainfear comhaontú amach, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar reachtaíocht a mholadh ar bhonn Airteagal 21(2) CFAE, nó ba cheart féidearthachtaí eile, amhail comhar feabhsaithe, a fhorbairt.

Leasú 21
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha comhchoiteanna maidir le dlínse agus an dlí is infheidhme chun tuismíocht a shuí in imthosca trasteorann; rialacha comhchoiteanna maidir le haitheantas a thabhairt do chinntí cúirte nó d'ionstraimí barántúla maidir le tuismíocht arna dtarraingt suas nó arna gclárú i dtríú Stát, ná do ghlacadh na gcinntí nó na n-ionstraimí sin de réir mar a bheidh; agus cruthaítear Deimhniú Eorpach Tuismíochta.	Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha comhchoiteanna maidir le dlínse agus an dlí is infheidhme chun tuismíocht a shuí in imthosca trasteorann; rialacha comhchoiteanna maidir le haitheantas ***frithpháirteach*** a thabhairt do chinntí cúirte nó d'ionstraimí barántúla maidir le tuismíocht arna dtarraingt suas nó arna gclárú i dtríú Stát, ná do ghlacadh na gcinntí nó na n-ionstraimí sin de réir mar a bheidh; agus cruthaítear ***leis*** Deimhniú Eorpach Tuismíochta***, go háirithe chun saorghluaiseacht, neamh-idirdhealú, meas ar shaol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, leas an linbh, chomh maith le prionsabal na comhréireachta, a chur chun cinn***.

Leasú 22
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do na cearta a ***dhíorthaíonn leanbh ó*** dhlí an Aontais***, go sonrach na cearta de réir dhlí an Aontais*** maidir le saorghluaiseacht, lena n-áirítear Treoir 2004/38/CE***.*** Go háirithe***, ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do na teorainneacha a bhaineann le beartas***	1. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do na cearta a ***dhíorthaítear ó*** dhlí an Aontais maidir le saorghluaiseacht, lena n-áirítear Treoir 2004/38/CE***,*** go háirithe ***cearta an linbh***.

poiblí a úsáid mar údar le diúltú d'aitheantas a thabhairt do thuismíocht i gcás ina bhfuil na Ballstáit faoi oibleagáid, faoi dhlí an Aontais maidir le saorghluaiseacht, aitheantas a thabhairt do dhoiciméad lena suitear gaol idir tuismitheoir agus leanbh arna eisiúint ag na húdaráis de Bhallstát eile chun críche cearta a eascraíonn as dlí an Aontais.

Leasú 23
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Urramóidh na Ballstáit na cearta a eascraíonn as an gcaidreamh idir tuismitheoirí atá aitheanta de réir dlí, lena n-áirítear páirtnéireacht chláraithe agus pósadh, laistigh de raon feidhme chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Leasú 24
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) pósadh nó gaol a bheith ann, bailíocht agus aitheantas a thabhairt do phósadh nó do ghaol a mheastar faoin dlí is infheidhme maidir le gaol den sórt sin go bhfuil éifeachtaí inchomparáide aige, amhail páirtnéireacht chláraithe;	***scriosta***

Leasú 25
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe h

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(h) náisiúntacht;	***scriosta***

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le haitheantas do chinntí cúirte arna dtabhairt i dtríú Stát chun tuismíocht a shuí ná maidir le haitheantas a thabhairt d'ionstraimí barántúla lena suitear nó lena gcruthaítear tuismíocht arna dtarraingt suas nó arna gclárú i dtríú Stát, ná do ghlacadh na n-ionstraimí sin de réir mar a bheidh.	***scriosta***

Leasú 27
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. ciallaíonn 'tuismíocht' an gaol idir tuismitheoir ***agus leanbh*** arna shuí faoin dlí. Áirítear ann stádas dlíthiúil a bhaineann le bheith mar leanbh ag tuismitheoir nó tuismitheoirí áirithe;	1. ciallaíonn 'tuismíocht' an gaol idir ***leanbh agus*** tuismitheoir arna shuí faoin dlí. Áirítear ann stádas dlíthiúil a bhaineann le bheith mar leanbh ag tuismitheoir nó tuismitheoirí áirithe;

Leasú 28
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní dhéanann an Rialachán seo difear d'inniúlacht údaráis na mBallstát chun cúrsaí tuismíochta a phlé.	Ní dhéanann an Rialachán seo difear d'inniúlacht údaráis na mBallstát chun cúrsaí tuismíochta a phlé ***i gcásanna gan aon ghné thrasteorann***.

Leasú 29
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Má tá suí tuismíochta ag brath ar cheist theagmhasach a chinneadh, ba

	cheart do chúirteanna agus d'údaráis inniúla eile na mBallstát na cearta bunúsacha agus na prionsabail bhunúsacha a leagtar síos sa Chairt, go háirithe Airteagal 21 de, a urramú maidir le ceart chun neamh-idirdhealú, lena n-áirítear oibleagáidí dearfacha agus diúltacha faoi Airteagal 7 den Chairt i ndáil le hurraim do shaol príobháideach agus do shaol an teaghlaigh.

Leasú 30
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ceart ***leanaí*** a ***dtuairimí a*** chur in iúl	Ceart ***an linbh*** a ***thuairimí a*** chur in iúl

Leasú 31
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Agus a ndlínse á bhfeidhmiú acu faoin Rialachán seo, soláthróidh cúirteanna na mBallstát, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an nós imeachta náisiúnta, fíordheis éifeachtach a ***dtuairimí*** a chur in iúl, go díreach nó trí ionadaí nó comhlacht cuí, do ***leanaí*** faoi bhun 18 mbliana d'aois ***a bhfuil a dtuismíocht le bunú agus*** atá in ann a ***dtuairimí*** féin a ***fhoirmiú***.	1. Agus a ndlínse á bhfeidhmiú acu faoin Rialachán seo, soláthróidh cúirteanna na mBallstát, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an nós imeachta náisiúnta, fíordheis éifeachtach a ***thuairimí*** a chur in iúl, go díreach nó trí ionadaí nó comhlacht cuí, do ***leanbh*** faoi bhun 18 mbliana d'aois atá in ann a ***thuairimí*** féin a ***fhorbairt in imeachtaí a chumhdaítear leis an Rialachán seo***.

Leasú 32
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. I gcás ina dtugann an chúirt, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an nós imeachta náisiúnta, deis ***do leanaí*** faoi bhun 18 mbliana d'aois a ***dtuairimí*** a chur	2. I gcás ina dtugann an chúirt, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an nós imeachta náisiúnta, deis ***don leanbh*** faoi bhun 18 mbliana d'aois a ***thuairimí*** a

in iúl i gcomhréir leis an Airteagal ***seo***, tabharfaidh an chúirt aird chuí ar thuairimí ***na leanaí*** i gcomhréir lena ***n-aois*** agus lena ***n-aibíocht***.	chur in iúl i gcomhréir leis an Airteagal ***sin***, tabharfaidh an chúirt aird chuí ar thuairimí***, ar chomharthaí fisiciúla, ar ráitis nó ar iompraíocht an linbh*** i gcomhréir lena ***aois*** agus lena ***aibíocht***.

Leasú 33
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beartas poiblí (ordre public)	***Urraim do chearta bunúsacha***

Leasú 34
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. ***Ní fhéadfar diúltú foráil dlí aon Stáit a shonraítear*** leis an ***Rialachán seo a*** chur ***i bhfeidhm ach amháin más follas nach mbeidh an cur i bhfeidhm sin ag luí le beartas poiblí (ordre public) an fhóraim***.	1. ***Eiseoidh cúirteanna agus údaráis inniúla eile na mBallstát gach cinneadh de bhun an Rialacháin seo i gcomhréir*** leis ***na cearta bunúsacha agus na prionsabail a leagtar síos sa Chairt, go háirithe Airteagal 21 maidir leis*** an ***gceart chun neamh-idirdhealú agus Airteagal 7 maidir le meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, agus leas an linbh á*** chur ***san áireamh, chomh maith le prionsabal na comhréireachta***.

Leasú 35
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Cuirfidh na cúirteanna agus údaráis inniúla eile de na Ballstáit mír 1 i bhfeidhm chun na cearta bunúsacha agus na bunphrionsabail a leagtar síos sa Chairt, go háirithe Airteagal 21 de maidir le ceart chun neamh-idirdhealú, a chomhlíonadh.	***scriosta***

Leasú 36
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 29 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Críochnófar an fianú agus eiseofar é i dteanga chinneadh na cúirte. ***Féadfar*** an fianú a eisiúint freisin i dteanga oifigiúil eile de chuid institiúidí an Aontais Eorpaigh arna iarraidh sin don pháirtí. ***Ní chuirfear leis sin aon oibleagáid ar an údarás inniúil a eisíonn an fianú aistriúchán ná traslitriú ar ábhar inaistrithe na réimsí téacs saora a sholáthar.***	2. Críochnófar an fianú agus eiseofar é i dteanga chinneadh na cúirte. ***Arna iarraidh sin do Pháirtí, déanfar*** an fianú a eisiúint freisin i dteanga oifigiúil ***amháin nó i roinnt teangacha oifigiúla*** eile de chuid institiúidí an Aontais Eorpaigh arna iarraidh sin don pháirtí.

Leasú 37
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 31 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) má tá aitheantas den sórt sin go follasach in aghaidh bheartas poiblí an Bhallstáit ina ndéantar an t-aitheantas a agairt, agus leas an linbh á thabhairt san áireamh;	***scriosta***

Leasú 38
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 31 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) arna iarraidh sin d'aon duine a éilíonn go sáraíonn an cinneadh cúirte a ***atharthacht nó a máithreachas*** i leith an linbh i gcás inar tugadh é gan deis a thabhairt don duine sin éisteacht a fháil;	(c) arna iarraidh sin d'aon duine a éilíonn go sáraíonn an cinneadh cúirte a ***dtuismíocht*** i leith an linbh i gcás inar tugadh é gan deis a thabhairt don duine sin éisteacht a fháil ***agus fianaise a thabhairt ar aird***;

Leasú 39
Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 31 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Cuirfidh na cúirteanna agus údaráis inniúla eile de na Ballstáit pointe (a) de mhír 1 i bhfeidhm chun na cearta bunúsacha agus na bunphrionsabail a leagtar síos sa Chairt, go háirithe Airteagal 21 di maidir le ceart chun neamh-idirdhealú, a chomhlíonadh.	***scriosta***

Leasú 40
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 32 – mír 7 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. ***Féadfaidh*** an chúirt táirgeacht na ndoiciméad dá dtagraítear i mír 4 ***a ligean ar*** ceal:	7. ***Ligfidh*** an chúirt táirgeacht na ndoiciméad dá dtagraítear i mír 4 ***thar*** ceal**,**:

Leasú 41
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 37 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Déanfar an fianú a dhéanamh i dteanga na hionstraime barántúla. ***Féadfar é*** a eisiúint freisin i dteanga oifigiúil eile de chuid institiúidí an Aontais Eorpaigh arna iarraidh sin don pháirtí. ***Ní chuirfear leis sin de cheangal ar an údarás inniúil a eisíonn an fianú aistriúchán nó traslitriú ar ábhar inaistrithe na réimsí téacs saora a sholáthar.***	3. Déanfar an fianú a dhéanamh i dteanga na hionstraime barántúla. ***Arna iarraidh sin do pháirtí, déanfar an fianú*** a eisiúint freisin i dteanga oifigiúil ***amháin nó i roinnt teangacha oifigiúla*** eile de chuid institiúidí an Aontais Eorpaigh arna iarraidh sin don pháirtí.

Leasú 42
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 39 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) má tá aitheantas den sórt sin go follasach in aghaidh bheartas poiblí an	***scriosta***

Bhallstáit ina ndéantar an t-aitheantas a agairt, agus leas an linbh á thabhairt san áireamh;

Leasú 43
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 39 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) arna iarraidh sin d'aon duine a éilíonn go sáraíonn an ionstraim bharántúil a ***atharthacht nó a máithreachas*** i leith an linbh i gcás inar dréachtaíodh nó inar cláraíodh í go foirmiúil gan aon bhaint a bheith ag an duine sin leis;	(b) arna iarraidh sin d'aon duine a éilíonn go sáraíonn an ionstraim bharántúil a ***dtuismíocht*** i leith an linbh i gcás inar dréachtaíodh nó inar cláraíodh í go foirmiúil gan aon bhaint a bheith ag an duine sin leis;

Leasú 44
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 39 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Cuirfidh na cúirteanna agus údaráis inniúla eile de na Ballstáit pointe (a) de mhír 1 i bhfeidhm chun na cearta bunúsacha agus na bunphrionsabail a leagtar síos sa Chairt, go háirithe Airteagal 21 di maidir le ceart chun neamh-idirdhealú, a chomhlíonadh.	***scriosta***

Leasú 45
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 39 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Féadfar diúltú d'aitheantas a thabhairt d'ionstraim bharántúil lena suitear tuismíocht ag a bhfuil éifeacht dhlíthiúil cheangailteach má dréachtaíodh nó má cláraíodh í gan an deis a thabhairt ***do leanaí*** a gcuid tuairimí a chur in iúl. ***Má bhí na leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois, beidh feidhm ag an bhforáil seo i gcás ina raibh na leanaí ábalta a gcuid***	3. Féadfar diúltú d'aitheantas a thabhairt d'ionstraim bharántúil lena suitear tuismíocht ag a bhfuil éifeacht dhlíthiúil cheangailteach má dréachtaíodh nó má cláraíodh í ***go foirmiúil*** gan an deis a thabhairt ***don leanbh*** a gcuid tuairimí a chur in iúl ***de bhun Airteagal 15***.

tuairimí a chur le chéile.

Leasú 46
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 40 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní fhéadfar dlínse chúirt an Bhallstáit tionscnaimh lena suitear tuismíocht a athbhreithniú. ***Tástáil an bheartais phoiblí dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 31(1), ní fhéadfar í a chur i bhfeidhm ar na rialacha a bhaineann le dlínse a leagtar amach in Airteagail 6 go 9.***	Ní fhéadfar dlínse chúirt an Bhallstáit tionscnaimh lena suitear tuismíocht a athbhreithniú.

Leasú 47
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 45 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Beidh na héifeachtaí fianaiseacha céanna ag ionstraim bharántúil nach bhfuil éifeacht dhlíthiúil cheangailteach sa Bhallstát tionscnaimh aici i mBallstát eile agus atá aici sa Bhallstát tionscnaimh nó na héifeachtaí is inchomparáide aici ***ar choinníoll nach bhfuil sé sin go follasach in aghaidh beartas poiblí (ordre public) sa Bhallstát ina gcuirtear i láthair í***.	1. Beidh na héifeachtaí fianaiseacha céanna ag ionstraim bharántúil nach bhfuil éifeacht dhlíthiúil cheangailteach sa Bhallstát tionscnaimh aici i mBallstát eile agus atá aici sa Bhallstát tionscnaimh**,** nó na héifeachtaí is inchomparáide aici.

Leasú 48
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 45 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Cuirfidh na cúirteanna agus údaráis inniúla eile de na Ballstáit an beartas poiblí (ordre public) dá dtagraítear i mír 1 i bhfeidhm chun na cearta bunúsacha agus na bunphrionsabail a leagtar síos sa Chairt, go háirithe Airteagal 21 di maidir le ceart	***scriosta***

chun neamh-idirdhealú, a chomhlíonadh.

Leasú 49
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 47 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tá an Deimhniú le húsáid ag leanbh nó ag ionadaí dlíthíuil a chaithfidh stádas tuismíochta an linbh a agairt ***i mBallstát eile***.	Tá an Deimhniú le húsáid ag leanbh nó ag ionadaí dlíthíuil a chaithfidh stádas tuismíochta an linbh a agairt.

Leasú 50
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 47 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Cuirfidh na Ballstáit san áireamh freisin, arna iarraidh sin do na tuismitheoirí a bhfuil aitheantas dlíthiúil acu, an gaol idir na tuismitheoirí sa Deimhniú Eorpach Tuismíochta, lena n-áirítear catagóirí na páirtnéireachta cláraithe agus an phósta.

Leasú 51
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 49 – mír 3 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) sonraí maidir ***leis na*** tuismitheoirí ***faoi seach***: sloinne/sloinnte (más infheidhme, sloinne/sloinnte breithe), céadainm/céadainmneacha, dáta breithe agus áit bhreithe, náisiúntacht, uimhir aitheantais (más infheidhme), seoladh;	(c) sonraí maidir ***le tuismitheoir amháin agus, i gcás inarb infheidhme, an tuismitheoir/na*** tuismitheoirí ***eile***: sloinne/sloinnte (más infheidhme, sloinne/sloinnte breithe), céadainm/céadainmneacha, dáta breithe agus áit bhreithe, náisiúntacht, uimhir aitheantais (más infheidhme), seoladh;

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 49 – mír 3 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) na heilimintí a mbunaíonn an t-iarratasóir tuismíocht orthu, agus bunchóip nó cóip an doiciméid/na ndoiciméad mar iarscríbhinn lena suitear tuismíocht ***le héifeacht dhlíthiúil cheangailteach*** nó lena gcuirtear fianaise ar thuismíocht ar fáil;	(e) na heilimintí a mbunaíonn an t-iarratasóir tuismíocht orthu, agus bunchóip nó cóip an doiciméid/na ndoiciméad mar iarscríbhinn lena suitear tuismíocht nó lena gcuirtear fianaise ar thuismíocht ar fáil;

Leasú 53
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 49 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. I gcás ina dtabharfaidh Ballstát rochtain dhigiteach ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 3, tabharfar rochtain don iarratasóir ar leagan digiteach den fhoirm a bhunaítear in Iarscríbhinn IV.

Leasú 54
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Tar éis dó an t-iarratas a fháil, déanfaidh an t-údarás an fhaisnéis agus na dearbhuithe agus na doiciméid agus aon fhianaise eile a chuireann an t-iarratasóir ar fáil a fhíorú. Déanfaidh sé na fiosrúcháin is gá le haghaidh an fhíoraithe sin as a stuaim féin nuair a fhoráiltear dó sin nó nuair a údaraítear sin lena dhlí náisiúnta, nó iarrfaidh sé ar an iarratasóir aon fhianaise bhreise a mheasann sé go bhfuil gá léi a sholáthar.	1. Tar éis dó an t-iarratas a fháil, déanfaidh an t-údarás an fhaisnéis agus na dearbhuithe agus na doiciméid agus aon fhianaise eile a chuireann an t-iarratasóir ar fáil a fhíorú. Déanfaidh sé na fiosrúcháin is gá le haghaidh an fhíoraithe sin as a stuaim féin nuair a fhoráiltear dó sin nó nuair a údaraítear sin lena dhlí náisiúnta, nó iarrfaidh sé ar an iarratasóir aon fhianaise bhreise a mheasann sé go bhfuil gá léi a sholáthar ***chun críche an Deimhniú a eisiúint***.

Leasú 55
Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 51 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh an t-údarás eisiúna an Deimhniú a eisiúint gan mhoill i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos sa Chaibidil ***seo*** nuair atá na heilimintí le deimhniú bunaithe faoin dlí infheidhme maidir le tuismíocht a shuí. Úsáidfidh sé an fhoirm in Iarscríbhinn V.	Déanfaidh an t-údarás eisiúna an Deimhniú a eisiúint gan mhoill ***agus tráth nach déanaí ná 10 lá*** i ***ndiaidh an iarratas a fháil, i*** gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos sa Chaibidil ***sin*** nuair atá na heilimintí le deimhniú bunaithe faoin dlí infheidhme maidir le tuismíocht a shuí. Úsáidfidh sé an fhoirm in Iarscríbhinn V.

Leasú 56
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 51 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Beidh leagan páipéir agus leagan leictreonach den Deimhniú ar fáil.

Leasú 57
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 52 – mír 1 – pointe h

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(h) sonraí maidir ***leis na*** tuismitheoirí ***faoi seach***: sloinne/sloinnte (más infheidhme, sloinne/sloinnte breithe), céadainm/céadainmneacha, dáta breithe agus áit bhreithe, náisiúntacht, uimhir aitheantais (más infheidhme), seoladh;	(h) sonraí maidir ***le tuismitheoir amháin agus, i gcás inarb infheidhme, an tuismitheoir/na*** tuismitheoirí ***eile***: sloinne/sloinnte (más infheidhme, sloinne/sloinnte breithe), céadainm/céadainmneacha, dáta breithe agus áit bhreithe, náisiúntacht, uimhir aitheantais (más infheidhme), seoladh;

Leasú 58
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 52 – mír 1 – pointe h a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ha) arna iarraidh sin do na tuismitheoirí a bhfuil aitheantas dlíthiúil acu, an gaol idir na tuismitheoirí, lena n-

	áirítear catagóirí na páirtnéireachta cláraithe agus an phósta.

Leasú 59
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 56 – mír 1 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfar an agóid a thaisceadh roimh chúirt i mBallstát an údaráis eisiúna i gcomhréir le dlí an Bhallstáit sin.	Déanfar an agóid a thaisceadh roimh chúirt i mBallstát an údaráis eisiúna i gcomhréir le dlí an Bhallstáit sin ***agus, i gcás inarb infheidhme, i gcomhar le comhlachtaí comhionannais náisiúnta***.

Leasú 60
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 56 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Má shuitear é, de thoradh ar agóid dá dtagraítear i mír 1, nach raibh údar leis an diúltú an Deimhniú a eisiúint, déanfaidh an chúirt inniúil an Deimhniú a eisiúint nó a áirithiú go ndéanfaidh an t-údarás eisiúna measúnú ar an gcás arís agus cinneadh nua a dhéanamh.	Má shuitear é, de thoradh ar agóid dá dtagraítear i mír 1, nach raibh údar leis an diúltú an Deimhniú a eisiúint, déanfaidh an chúirt inniúil ***gan mhoill agus laistigh de 10 lá tar éis dó cinneadh a dhéanamh,*** an Deimhniú a eisiúint nó a áirithiú go ndéanfaidh an t-údarás eisiúna measúnú ar an gcás arís agus cinneadh nua a dhéanamh.

Leasú 61
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 58 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Féadfar an pointe rochtana leictreonaí Eorpach bunaithe ar an Tairseach Eorpach don r-Cheartas de bhun Airteagal 4 den [Rialachán maidir leis an gClaochlú Digiteach] a úsáid le haghaidh cumarsáid leictreonach idir daoine nádúrtha nó a n-ionadaithe dlíthiúla agus cúirteanna na mBallstát nó údaráis inniúla	1. Féadfar an pointe rochtana leictreonaí Eorpach bunaithe ar an Tairseach Eorpach don r-Cheartas de bhun Airteagal 4 den [Rialachán maidir leis an gClaochlú Digiteach] a úsáid le haghaidh cumarsáid leictreonach idir daoine nádúrtha nó a n-ionadaithe dlíthiúla agus cúirteanna na mBallstát nó údaráis inniúla eile i dtaobh na ***n-imeachtaí faoin***

eile i dtaobh na ***nithe a leanas***:

Rialachán sin:

Leasú 62
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 63 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 64 maidir le hIarscríbhinní I go V a leasú chun na hIarscríbhinní sin a nuashonrú nó chun athruithe teicniúla a dhéanamh ar na hIarscríbhinní sin.	Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 64 maidir le hIarscríbhinní I go V a leasú chun na hIarscríbhinní sin a nuashonrú nó chun athruithe teicniúla a dhéanamh ar na hIarscríbhinní sin. ***Sula ndéanfaidh sé gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán poiblí agus cuirfidh sé moltaí geallsealbhóirí ábhartha eile san áireamh.***

Leasú 63
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 67 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 67a
	Bearta tacaíochta
	1. Forbróidh an Coimisiún treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú an Rialacháin seo a bheidh ar fáil sé mhí roimh an dáta cur i bhfeidhm dá dtagraítear in Airteagal 72.
	2. Déanfaidh an Coimisiún na treoirlínte dá dtagraítear i mír 1 a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta gach dhá bhliain agus aird á tabhairt, inter alia, ar an taithí a fuarthas i gcur i bhfeidhm agus i bhforfheidhmiú an Rialacháin seo, ar an gcleachtas a d'fhorbair córais náisiúnta riaracháin agus dlí maidir lena sainiúlachtaí agus ar aon chásdlí ábhartha de chuid na Cúirte Breithiúnais.

	3. Soláthróidh na Ballstáit faisnéis a bheidh inrochtana go héasca agus a bheidh soláimhsithe faoi na nósanna imeachta a chumhdaítear leis an Rialachán seo, lena n-áirítear trí shuíomh gréasáin poiblí.
	4. Le tacaíocht ón gCoimisiún agus ón nGréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach, eagróidh na Ballstáit oiliúint do gach gairmí ábhartha, go háirithe breithiúna, dlíodóirí, agus oifigigh riaracháin phoiblí.

Leasú 64
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 69 – mír 3 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
D*'*ainneoin mhír 1, glacfaidh Ballstáit le hionstraim bharántúil nach bhfuil éifeacht dhlíthiúil cheangailteach léi sa Bhallstát tionscnaimh ach a bhfuil éifeachtaí fianaiseacha acu sa Bhallstát sin***,*** ***ar choinníoll nach bhfuil sé sin contrártha go follasach do bheartas poiblí (ordre public) an Bhallstáit ina bhfuil glacadh a lorg***.	D*'*ainneoin mhír 1, glacfaidh Ballstáit le hionstraim bharántúil nach bhfuil éifeacht dhlíthiúil cheangailteach léi sa Bhallstát tionscnaimh ach a bhfuil éifeachtaí fianaiseacha acu sa Bhallstát sin.

Leasú 65
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 70 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Faoi ***[5 bliana*** ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, lena n-áirítear meastóireacht ar aon fhadhbanna praiticiúla a thagann chun cinn agus faisnéis a sholáthróidh na Ballstáit mar thaca leo. ***I gcás inar gá***, beidh togra	1. Faoi ***[3 bliana*** ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo] ***agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin***, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, lena n-áirítear meastóireacht ar ***chóineasú agus ar éagsúlachtaí idir na Ballstáit agus ar*** aon fhadhbanna praiticiúla a thagann chun cinn

reachtach ag gabháil leis an tuarascáil.	agus faisnéis a sholáthróidh na Ballstáit mar thaca leo. ***Déanfar measúnú sa tuarascáil ar chur chun feidhme an Rialacháin seo**, **go háirithe, trí anailís a dhéanamh ar urraim do phrionsabal an neamh-idirdhealaithe nó ar neamhurramú an phrionsabail sin.*** Beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil***, i gcás inar gá, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar bhunús dlí Airteagal 21(2) CFAE**.

Leasú 66
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 70 – mír 2 – pointe -a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(-a) líon na n-iarrataí ar aitheantas a thabhairt do thuismíocht arna dtíolacadh de bhun an Rialacháin seo

Leasú 67
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 70 – mír 2 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) líon na gcásanna inar deonaíodh diúltú aitheantas a thabhairt do chinneadh ón gcúirt nó d'ionstraim bharántúil lena suitear tuismíocht ar bhonn fhoirmiú an teaghlaigh, go háirithe teaghlaigh ina bhfuil tuismitheoirí comhghnéis, tuismitheoir trasinscneach, tuismitheoir aonair nó iltuismitheoirí

Leasú 68
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 70 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) líon na n-iarratas ag agóid in aghaidh an ábhair ionstraime barántúla	(c) líon na n-iarratas ag agóid in aghaidh an ábhair ionstraime barántúla

nach bhfuil ***éifeacht dhlíthiúil cheangailteach léi*** sa Bhallstát tionscnaimh ***ach a bhfuil éifeachtaí fianaiseacha acu sa Bhallstát sin***, agus líon na n-iarratas inar éirigh leis an agóid;	nach bhfuil ***éifeachtaí fianaiseacha*** sa Bhallstát tionscnaimh, agus líon na n-iarratas inar éirigh leis an agóid;

Leasú 69
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 70 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Bunóidh an Coimisiún idirphlé struchtúrtha le geallsealbhóirí ábhartha, go háirithe le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, chun rannchuidiú le hullmhú na tuarascála meastóireachta dá dtagraítear i mír 1.

Leasú 70
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – bosca 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. An ***Tuismitheoir*** Eile	7. An ***Tuismitheora/na Tuismitheoirí*** Eile***, i gcás inarb infheidhme***
7.1. Sloinne/Sloinnte*:…… …… …….	7.1. Sloinne/Sloinnte*:…… …… …….
7.2. Céad ainm/Céad ainmneacha*:…… …… …….	7.2. Céad ainm/Céad ainmneacha*:…… …… …….
7.3. Dáta breithe (ll/mm/bbbb)*: …… …….	7.3. Dáta breithe (ll/mm/bbbb)*: …… …….
7.4. Áit bhreithe (má tá sé ar fáil): …… …….	7.4. Áit bhreithe (má tá sé ar fáil): …… …….

7.5. Uimhir aitheantais nó uimhir slándála sóisialaí (más infheidhme agus má tá sí ar fáil):…….	7.5. Uimhir aitheantais nó uimhir slándála sóisialaí (más infheidhme agus má tá sí ar fáil):…….
7.6 Seoladh* (má tá sé ar fáil)	7.6 Seoladh* (má tá sé ar fáil)
7.6.1. Sráid agus uimhir/bosca poist*:	7.6.1. Sráid agus uimhir/bosca poist*:
…… …… ……	…… …… ……
7.6.2. Áit agus cód poist*: …… …… ……	7.6.2. Áit agus cód poist*: …… …… ……
7.6.3. Tír*	7.6.3. Tír*
[ ] An Bheilg [ ] An Bhulgáir [ ] Poblacht na Seice [ ] An Ghearmáin [ ] An Eastóin [ ] Éire [ ] An Ghréig [ ] An Spáinn [ ] An Fhrainc	[ ] An Bheilg [ ] An Bhulgáir [ ] Poblacht na Seice [ ] An Ghearmáin [ ] An Eastóin [ ] Éire [ ] An Ghréig [ ] An Spáinn [ ] An Fhrainc
[ ] An [ ] Chróit [ ] An Iodáil [ ] An Chipir [ ] An Laitvia [ ] An Liotuáin [ ] Lucsamburg [ ] An Ungáir [ ] Málta [ ] An Ísiltír	[ ] An [ ] Chróit [ ] An Iodáil [ ] An Chipir [ ] An Laitvia [ ] An Liotuáin [ ] Lucsamburg [ ] An Ungáir [ ] Málta [ ] An Ísiltír
[ ] An Ostair [ ] An Pholainn [ ] An Phortaingéil [ ] An Rómáin [ ] An tSlóivéin [ ] An tSlóvaic [ ] An Fhionlainn [ ] An tSualainn	[ ] An Ostair [ ] An Pholainn [ ] An Phortaingéil [ ] An Rómáin [ ] An tSlóivéin [ ] An tSlóvaic [ ] An Fhionlainn [ ] An tSualainn
[ ] Eile (sonraigh cód ISO):…..……..…… …….....	[ ] Eile (sonraigh cód ISO):…..……..…… …….....

Réasúnú

Leasú cothrománach. Má ghlactar é, oiriúnófar an fhoclaíocht ar fud na n-iarscríbhinní

Leasú 71
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – Bosca 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
8. An ***Tuismitheoir*** Eile	8. An ***Tuismitheora/na Tuismitheoirí*** Eile***, i gcás inarb infheidhme***
8.1. Sloinne/Sloinnte*:…… …… ……..	8.1. Sloinne/Sloinnte*:…… …… …….
8.2. Céad ainm/Céad ainmneacha*:…… …… …….	8.2. Céad ainm/Céad ainmneacha*:…… …… …….
8.3. Dáta breithe (ll/mm/bbbb)*: …… …….	8.3. Dáta breithe (ll/mm/bbbb)*: …… …….
8.4. Áit bhreithe (má tá sé ar fáil): …… …….	8.4. Áit bhreithe (má tá sé ar fáil): …… …….
8.5. Uimhir aitheantais nó uimhir slándála sóisialaí (más infheidhme agus má tá sí ar fáil):…….	8.5. Uimhir aitheantais nó uimhir slándála sóisialaí (más infheidhme agus má tá sí ar fáil):…….
8.6 Seoladh* (má tá sé ar fáil)	8.6 Seoladh* (má tá sé ar fáil)
8.6.1. Sráid agus uimhir/bosca poist*:…… ……8.6.2. Áit agus cód poist*: …… …… ……	8.6.1. Sráid agus uimhir/bosca poist*:…… ……8.6.2. Áit agus cód poist*: …… …… ……
8.6.3. Tír*[ ] An Bheilg [ ] An Bhulgáir [ ] Poblacht na Seice [ ] An Ghearmáin [ ] An Eastóin [ ] Éire [ ] An Ghréig [ ] An Spáinn [ ] An Fhrainc [ ] An Chróit [ ] An Iodáil [ ] An Chipir [ ] An Laitvia [ ] An Liotuáin [ ] Lucsamburg [ ] An Ungáir [ ] Málta [ ] An Ísiltír [ ] An Ostair [ ] An Pholainn [ ] An Phortaingéil [ ] An Rómáin [ ] An tSlóivéin [ ] An tSlóvaic [ ] An Fhionlainn [ ] An ***tSualainn***	8.6.3. Tír*[ ] An Bheilg [ ] An Bhulgáir [ ] Poblacht na Seice [ ] An Ghearmáin [ ] An Eastóin [ ] Éire [ ] An Ghréig [ ] An Spáinn [ ] An Fhrainc [ ] An Chróit [ ] An Iodáil [ ] An Chipir [ ] An Laitvia [ ] An Liotuáin [ ] Lucsamburg [ ] An Ungáir [ ] Málta [ ] An Ísiltír [ ] An Ostair [ ] An Pholainn [ ] An Phortaingéil [ ] An Rómáin [ ] An tSlóivéin [ ] An tSlóvaic [ ] An Fhionlainn [ ] An ***tSualainn[ ]***
Eile (sonraigh cód ISO):…..……..…… …….....	Eile (sonraigh cód ISO):…..……..…… …….....

Réasúnú

Leasú cothrománach. Má ghlactar é, oiriúnófar an fhoclaíocht ar fud na n-iarscríbhinní

Leasú 72
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn III – bosca 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Ionstraim bharántúil	3. Ionstraim bharántúil
3.1. Mionsonraí na hionstraime barántúla	3.1. Mionsonraí na hionstraime barántúla
3.1.1 Dáta (ll/mm/bbbb) ar a ***ndearnaadh*** an ionstraim bharántúil a tharraingt suas sa Bhallstát tionscnaimh*: …… …… ……....	3.1.1 Dáta (ll/mm/bbbb) ar a ***ndearnadh*** an ionstraim bharántúil a tharraingt suas sa Bhallstát tionscnaimh*: …… …… ……....
3.1.2. Dáta (ll/mm/bbbb) a rinneadh an ionstraim bharántúil a chlárú sa Bhallstát tionscnaimh, i gcás inarb infheidhme*: …… …… ……....	3.1.2. Dáta (ll/mm/bbbb) a rinneadh an ionstraim bharántúil a chlárú sa Bhallstát tionscnaimh, i gcás inarb infheidhme*: …… …… ……....
3.1.3. Uimhir thagartha na hionstraime barántúla*: …… …… …….	3.1.3. Uimhir thagartha na hionstraime barántúla*: …… …… …….
3.1.4. Uimhir thagartha sa chlár, i gcás inarb infheidhme: …… …… …….	3.1.4. Uimhir thagartha sa chlár, i gcás inarb infheidhme: …… …… …….
3.2. Soláthraítear fianaise leis an ionstraim bharántúil maidir le*:	3.2. Soláthraítear fianaise leis an ionstraim bharántúil maidir le*:

3.2.1. [ ] Tuismíocht	3.2.1. [ ] Tuismíocht
3.2.1.1. [ ] Ag Tuismitheoir Amháin	3.2.1.1. [ ] Ag Tuismitheoir Amháin
3.2.1.2. [ ] Ag an ***Tuismitheoir*** Eile	3.2.1.2. [ ] Ag an ***Tuismitheoir/na Tuismitheoirí*** Eile***, i gcás inarb infheidhme***
3.2.1.3. [ ] Ag ***an mbeirt*** Tuismitheoirí	3.2.1.3. [ ] Ag ***na*** Tuismitheoirí
3.2.2. [ ] Admháil atharthachta	3.2.2. [ ] Admháil atharthachta
3.2.3. [ ] Admháil mháithreachais	3.2.3. [ ] Admháil mháithreachais
3.2.4. [ ] Toiliú	3.2.4. [ ] Toiliú
3.2.4.1. [ ] Ag an leanbh	3.2.4.1. [ ] Ag an leanbh
3.2.4.2. [ ] Ag an máthair	3.2.4.2. [ ] Ag an máthair
3.2.4.3. [ ] Ag an athair	3.2.4.3. [ ] Ag an athair
3.2.4.4. [ ] Ag céile	3.2.4.4. [ ] Ag céile
3.2.4.5. [ ] Ag páirtí cláraithe	3.2.4.5. [ ] Ag páirtí cláraithe
3.2.4.6. [ ] Ag páirtí de facto	3.2.4.6. [ ] Ag páirtí de facto
3.2.4.7. [ ] Ag Daoine Eile: sonraigh	3.2.4.7. [ ] Ag Daoine Eile: sonraigh
3.2.5. [ ] Eile (sonraigh, le do thoil)*:…… …….	3.2.5. [ ] Eile (sonraigh, le do thoil)*:…… …….

Réasúnú

Leasú cothrománach. Má ghlactar é, oiriúnófar an fhoclaíocht ar fud na n-iarscríbhinní

Leasú 73
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn IV – bosca 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Mionsonraí an Tuismitheora Eile	6. Mionsonraí an Tuismitheora/***na dTuismitheoirí Eile, i gcás inarb infheidhme***
6.1. Sloinne/sloinnte agus céad ainm/céad	

ainmneacha*:……
……
……6.2
. Sloinne/sloinnte breithe (má tá sé difriúil
le
pointe 6.1):……
……
……

6.3. Dáta (ll/mm/bbbb) agus áit na
breithe*:……
……
……..

6.4. Náisiúntacht*[ ] An Bheilg [ ] An
Bhulgáir [ ] Poblacht na Seice [ ] An
Ghearmáin [ ] An Eastóin [ ] An Ghréig [ ]
An Spáinn [ ] An Fhrainc [ ] An Chróit [ ]
An Iodáil [ ] An Chipir [ ] An Laitvia [ ]
An Liotuáin [ ] Lucsamburg [ ] An Ungáir
[ ] Málta [ ] An Ísiltír [ ] An Ostair [ ] An
Pholainn [ ] An Phortaingéil [ ] An Rómáin
[ ] An tSlóivéin [ ] An tSlóvaic [ ] An
Fhionlainn [ ] An tSualainn [ ] Eile
(sonraigh cód
ISO):.……
……[ ]
Anaithnid

6.5. Uimhir aitheantais 84:
…...……
……

6.5.1. Uimhir aitheantais náisiúnta:
……
……

6.5.2. Uimhir slándála sóisialta:
……
……

6.5.3. Uimhir chánach:
…..……
……
…

6.5.4. Eile (sonraigh):
……
…….

6.6. Seoladh

6.6.1. Sráid agus uimhir/bosca
poist*:……

6.1. Sloinne/sloinnte agus céad ainm/céad
ainmneacha*:……
……
……6.2
. Sloinne/sloinnte breithe (má tá sé difriúil
le
pointe 6.1):……
……
……
6.3. Dáta (ll/mm/bbbb) agus áit na
breithe*:……
……
……..
6.4. Náisiúntacht*[ ] An Bheilg [ ] An
Bhulgáir [ ] Poblacht na Seice [ ] An
Ghearmáin [ ] An Eastóin [ ] An Ghréig [ ]
An Spáinn [ ] An Fhrainc [ ] An Chróit [ ]
An Iodáil [ ] An Chipir [ ] An Laitvia [ ]
An Liotuáin [ ] Lucsamburg [ ] An Ungáir
[ ] Málta [ ] An Ísiltír [ ] An Ostair [ ] An
Pholainn [ ] An Phortaingéil [ ] An Rómáin
[ ] An tSlóivéin [ ] An tSlóvaic [ ] An
Fhionlainn [ ] An tSualainn [ ] Eile
(sonraigh cód
ISO):.……
……[ ]
Anaithnid
6.5. Uimhir aitheantais 84:
…...……
……
6.5.1. Uimhir aitheantais náisiúnta:
……
……
6.5.2. Uimhir slándála sóisialta:
……
……
6.5.3. Uimhir chánach:
…..……
……
…
6.5.4. Eile (sonraigh):
……
…….
6.6 Seoladh
6.6.1. Sráid agus uimhir/bosca
poist*:……
……
…….

……
……

6.6.2. Áit agus cód poist*:
……
……

6.6.3. Tír*[ ] An Bheilg [ ] An Bhulgáir [ ] Poblacht na Seice [ ] An Ghearmáin [ ] An Eastóin [ ] An Ghréig [ ] An Spáinn [ ] An Fhrainc [ ] An Chróit [ ] An Iodáil [ ] An Chipir [ ] An Laitvia [ ] An Liotuáin [ ] Lucsamburg [ ] An Ungáir [ ] Málta [ ] An Ísiltír [ ] An Ostair [ ] An Pholainn [ ] An Phortaingéil [ ] An Rómáin [ ] An tSlóivéin [ ] An tSlóvaic [ ] An Fhionlainn [ ] An tSualainn [ ] Eile (sonraigh cód ISO):
……
……

6.7. Sonraí teagmhála*

6.7.1. Teileafón:
..……
……..
……..

6.7.2. Ríomhphost:
..……
……
….……

6.6.2. Áit agus cód poist*:
……
……

6.6.3. Tír*[ ] An Bheilg [ ] An Bhulgáir [ ] Poblacht na Seice [ ] An Ghearmáin [ ] An Eastóin [ ] An Ghréig [ ] An Spáinn [ ] An Fhrainc [ ] An Chróit [ ] An Iodáil [ ] An Chipir [ ] An Laitvia [ ] An Liotuáin [ ] Lucsamburg [ ] An Ungáir [ ] Málta [ ] An Ísiltír [ ] An Ostair [ ] An Pholainn [ ] An Phortaingéil [ ] An Rómáin [ ] An tSlóivéin [ ] An tSlóvaic [ ] An Fhionlainn [ ] An tSualainn[ ] Eile (sonraigh cód ISO):
……
……..……

6.7. Sonraí teagmhála*
6.7.1. Teileafón:
..……
……..
……..
6.7.2. Ríomhphost:
..……
……
….……

Réasúnú

Leasú cothrománach. Má ghlactar é, oiriúnófar an fhoclaíocht ar fud na n-iarscríbhinní

Leasú 74
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn V – Bosca 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6.2 Mionsonraí maidir leis an Tuismitheoir Eile	6.2 Mionsonraí maidir leis an Tuismitheoir***/na Tuismitheoirí*** Eile***, i gcás inarb infheidhme***
6.2.1. Sloinne/sloinnte agus céad ainm/céad ainmneacha*:…… …… ……	6.2.1. Sloinne/sloinnte agus céad ainm/céad ainmneacha*:…… ……

6.2.2. Sloinne/sloinnte breithe (má tá sé difriúil le pointe 6.2.1.):
……..…
……
……..……

6.2.3. Dáta (ll/mm/bbbb) agus áit na breithe (baile/tír (cód ISO))*:……
……
……

6.2.4. Náisiúntacht*[ ] An Bheilg [ ] An Bhulgáir [ ] Poblacht na Seice [ ] An Ghearmáin [ ] An Eastóin [ ] Éire [ ] An Ghréig [ ] An Spáinn [ ] An Fhrainc [ ] An Chróit [ ] An Iodáil [ ] An Chipir [ ] An Laitvia [ ] An Liotuáin [ ] Lucsamburg [ ] An Ungáir [ ] Málta [ ] An Ísiltír [ ] An Ostair [ ] An Pholainn [ ] An Phortaingéil [ ] An Rómáin [ ] An tSlóivéin [ ] An tSlóvaic [ ] An Fhionlainn [ ] An tSualainn [ ] Eile (sonraigh cód ISO):……...……
…….……[ ] Anaithnid

6.2.5. Uimhir aitheantais*

6.2.5.1. Uimhir aitheantais náisiúnta:
……
……..……
……..……

6.2.5.2. Uimhir slándála sóisialta:
……
……
……

6.2.5.3. Uimhir chánach:
……
……...……
…….

6.2.5.4. Uimhir an deimhnithe breithe:
…..……..…
…..……
……..……..

6.2.5.5. Eile (sonraigh):
……
……
……

6.2.6. Seoladh reatha*6.2.6.1. Sráid agus uimhir/bosca poist*:……
……

6.2.2. Sloinne/sloinnte breithe (má tá sé difriúil le pointe 6.2.1.):
……..…
……
……..……

6.2.3. Dáta (ll/mm/bbbb) agus áit na breithe (baile/tír (cód ISO))*:……
……
……

6.2.4. Náisiúntacht*[ ] An Bheilg [ ] An Bhulgáir [ ] Poblacht na Seice [ ] An Ghearmáin [ ] An Eastóin [ ] Éire [ ] An Ghréig [ ] An Spáinn [ ] An Fhrainc [ ] An Chróit [ ] An Iodáil [ ] An Chipir [ ] An Laitvia [ ] An Liotuáin [ ] Lucsamburg [ ] An Ungáir [ ] Málta [ ] An Ísiltír [ ] An Ostair [ ] An Pholainn [ ] An Phortaingéil [ ] An Rómáin [ ] An tSlóivéin [ ] An tSlóvaic [ ] An Fhionlainn [ ] An tSualainn [ ] Eile (sonraigh cód ISO):……...……
…….……[ ] Anaithnid

6.2.5. Uimhir aitheantais*

6.2.5.1. Uimhir aitheantais náisiúnta:
……
……..……
……..……

6.2.5.2. Uimhir slándála sóisialta:
……
……
……

6.2.5.3. Uimhir chánach:
……
……...……
…….

6.2.5.4. Uimhir an deimhnithe breithe:
…..……..…
…..……
……..……..

6.2.5.5. Eile (sonraigh):
……
……
……

6.2.6. Seoladh reatha*6.2.6.1. Sráid agus uimhir/bosca poist*:……
……

uimhir/bosca poist*:……
……
……

6.2.6.2. Áit agus cód poist*:
……
……
……

6.2.6.3. Tír*[ ] An Bheilg [ ] An Bhulgáir [ ] Poblacht na Seice [ ] An Ghearmáin [ ] An Eastóin [ ] Éire [ ] An Ghréig [ ] An Spáinn [ ] An Fhrainc [ ] An Chróit [ ] An Iodáil [ ] An Chipir [ ] An Laitvia [ ] An Liotuáin [ ] Lucsamburg [ ] An Ungáir [ ] Málta [ ] An Ísiltír [ ] An Ostair [ ] An Pholainn [ ] An Phortaingéil [ ] An Rómáin [ ] An tSlóivéin [ ] An tSlóvaic [ ] An Fhionlainn [ ] An tSualainn[ ] Eile (sonraigh cód ISO):…..……..……
…….....

6.2.7. An dlí is infheidhme chun tuismíocht a shuí maidir leis an Tuismitheoir Eile*6.2.7.1. Tír*[ ] An Bheilg [ ] An Bhulgáir [ ] Poblacht na Seice [ ] An Ghearmáin [ ] An Eastóin [ ] An Ghréig [ ] An Spáinn [ ] An Fhrainc [ ] An Chróit [ ] An Iodáil [ ] An Chipir [ ] An Laitvia [ ] An Liotuáin [ ] Lucsamburg [ ] An Ungáir [ ] Málta [ ] An Ísiltír [ ] An Ostair [ ] An Pholainn [ ] An Phortaingéil [ ] An Rómáin [ ] An tSlóivéin [ ] An tSlóvaic [ ] An Fhionlainn [ ] An tSualainn [ ] Eile (sonraigh cód ISO):……...……
…….……

6.2.7.2. Nascfhactóir a úsáidtear chun an dlí is infheidhme a chinneadh*

6.2.7.2.1. [ ] Airteagal 17(1) de Rialachán (AE) Uimh. 20XX/X (dlí an Stáit ina bhfuil gnáthchónaí ar an duine a shaolaíonn an leanbh tráth na breithe)

6.2.7.2.2. [ ] Airteagal 17(1) de Rialachán (AE) Uimh. 20XX/X (dlí an Stáit maidir le breith an linbh)

6.2.7.2.3. [ ] Airteagal 17(2) de Rialachán

……

6.2.6.2. Áit agus cód poist*:
……
……
……

6.2.6.3. Tír*[ ] An Bheilg [ ] An Bhulgáir [ ] Poblacht na Seice [ ] An Ghearmáin [ ] An Eastóin [ ] Éire [ ] An Ghréig [ ] An Spáinn [ ] An Fhrainc [ ] An Chróit [ ] An Iodáil [ ] An Chipir [ ] An Laitvia [ ] An Liotuáin [ ] Lucsamburg [ ] An Ungáir [ ] Málta [ ] An Ísiltír [ ] An Ostair [ ] An Pholainn [ ] An Phortaingéil [ ] An Rómáin [ ] An tSlóivéin [ ] An tSlóvaic [ ] An Fhionlainn [ ] An tSualainn[ ] Eile (sonraigh cód ISO):…..……..……
…….....

6.2.7. An dlí is infheidhme chun tuismíocht a shuí maidir leis an Tuismitheoir Eile*6.2.7.1. Tír*[ ] An Bheilg [ ] An Bhulgáir [ ] Poblacht na Seice [ ] An Ghearmáin [ ] An Eastóin [ ] An Ghréig [ ] An Spáinn [ ] An Fhrainc [ ] An Chróit [ ] An Iodáil [ ] An Chipir [ ] An Laitvia [ ] An Liotuáin [ ] Lucsamburg [ ] An Ungáir [ ] Málta [ ] An Ísiltír [ ] An Ostair [ ] An Pholainn [ ] An Phortaingéil [ ] An Rómáin [ ] An tSlóivéin [ ] An tSlóvaic [ ] An Fhionlainn [ ] An tSualainn [ ] Eile (sonraigh cód ISO):……...……
…….……

6.2.7.2. Nascfhactóir a úsáidtear chun an dlí is infheidhme a chinneadh*

6.2.7.2.1. [ ] Airteagal 17(1) de Rialachán (AE) Uimh. 20XX/X (dlí an Stáit ina bhfuil gnáthchónaí ar an duine a shaolaíonn an leanbh tráth na breithe)

6.2.7.2.2. [ ] Airteagal 17(1) de Rialachán (AE) Uimh. 20XX/X (dlí an Stáit maidir le breith an linbh)

6.2.7.2.3. [ ] Airteagal 17(2) de Rialachán (AE) Uimh. 20XX/X (dlí an Stáit maidir le náisiúntacht aon duine de na Tuismitheoirí)

6.2.7.2.4. [ ] Airteagal 17(2) de Rialachán (AE) Uimh. 20XX/X (dlí an Stáit maidir le breith an linbh)

(AE) Uimh. 20XX/X (dlí an Stáit maidir le náisiúntacht aon duine de na Tuismitheoirí)

6.2.7.2.4. [ ] Airteagal 17(2) de Rialachán (AE) Uimh. 20XX/X (dlí an Stáit maidir le breith an linbh)

6.2.7.3. □ Is é dlí an Stáit a bhfuil níos mó ná córas dlí amháin acu an dlí is infheidhme (Airteagal 23 de Rialachán (AE) Uimh. 20XX/X). Sonraigh an t-aonad críche de réir mar a bheidh:……
……
……

6.2.7.3. □ Is é dlí an Stáit a bhfuil níos mó ná córas dlí amháin acu an dlí is infheidhme (Airteagal 23 de Rialachán (AE) Uimh. 20XX/X). Sonraigh an t-aonad críche de réir mar a bheidh:……
……
……

Réasúnú

Leasú cothrománach. Má ghlactar é, oiriúnófar an fhoclaíocht ar fud na n-iarscríbhinní

NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Teideal	Dlínse, an dlí is infheidhme, aithint cinntí agus glacadh le hionstraimí barántúla in ábhair tuismíochta agus maidir le Deimhniú Eorpach Tuismíochta a chruthú
Tagairtí	COM(2022)0695 – C9-0002/2023 – 2022/0402(CNS)
An Coiste Freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	JURI 16.1.2023
Tuairim ó Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	LIBE 16.1.2023
Rapóirtéir don tuairim Dáta an cheapacháin	Malin Björk 5.6.2023
Pléite sa choiste	4.9.2023
Dáta an ghlactha	9.10.2023
Toradh na vótála críochnaithí	+: 30 –: 6 0: 0
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Pietro Bartolo, Theresa Bielowski, Malin Björk, Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Jorge Buxadé Villalba, Patricia Chagnon, Lena Düpont, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Nicolaus Fest, Sophia in ‘t Veld, Assita Kanko, Alice Kuhnke, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Erik Marquardt, Javier Moreno Sánchez, Maite Pagazaurtundúa, Pina Picierno, Diana Riba i Giner, Birgit Sippel, Tineke Strik, Ramona Strugariu, Yana Toom, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Javier Zarzalejos
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Cyrus Engerer, José Gusmão, Dragoş Tudorache, Maria Walsh
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Petros Kokkalis, Ljudmila Novak, Thomas Rudner

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

30	+
PPE	Lena Düpont, Jeroen Lenaers, Ljudmila Novak, Maria Walsh, Javier Zarzalejos
Renew	Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Sophia in 't Veld, Maite Pagazaurtundúa, Ramona Strugariu, Yana Toom, Dragoş Tudorache
S&D	Pietro Bartolo, Theresa Bielowski, Cyrus Engerer, Juan Fernando López Aguilar, Javier Moreno Sánchez, Pina Picierno, Thomas Rudner, Birgit Sippel
The Left	Malin Björk, José Gusmão, Petros Kokkalis
Verts/ALE	Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Alice Kuhnke, Erik Marquardt, Diana Riba i Giner, Tineke Strik

6	-
ECR	Jorge Buxadé Villalba, Assita Kanko
ID	Patricia Chagnon, Nicolaus Fest, Tom Vandendriessche
NI	Milan Uhrík

0	0

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh